Cad is imlíne ann?

Ciallaíonn imlíne an fad iomlán thart ar chruth déthoiseach.

Aonaid imlíne

Úsáideann muid milliméadair (mm), ceintiméadair (cm), méadair (m) agus ciliméadair (km) le himlíne a thomhas.

Rewarding Learning

An imlíne a ríomh

Faigh fad gach sleasa.
Thig leat:

na cearnóga ar gach taobh a chuntas



nó

rialóir a úsáid



nó

in amanna, bíonn na faid le feiceáil ar an chruth.



Ansin, suimigh na faid uilig le chéile.

Imlíne = 5 + 4 + 5 + 4 = 18 cm

Mar shampla, ríomh imlíne an chrutha seo:



Imlíne = 12 + 5 + 13 + 7 + 3 = 40 cm

Má tá cuid de na faid ar iarraidh:

- Oibrigh amach na faid atá ar iarraidh
- Suimigh na faid uilig

Sampla



Imlíne = 4 + 2 + 4 + 2 = 12 m

Leibhéal 4

Faid na sleasa a shuimiú le himlínte cruthanna simplí a fháil. Is féidir go mbeidh faid na sleasa tugtha nó go mbeidh siad le tomhas nó le cuntas.

Leibhéal 5

Imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a ríomh – cruthanna ar a bhfuil cuid de na tomhais fágtha ar lár ach infhaighte.

© CCEA 2024